2024/2851

13.11.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2851 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Samhain 2024

maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) sa bhliain forghníomhúcháin dheireanach de chlárthréimhse 2014-2020 (16 Deireadh Fómhair 2022 – 31 Nollaig 2023)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 7760)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 104 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 51 de, i gcomhar le hAirteagal 138 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([3]) ('Comhaontú um Tharraingt Siar'),

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 104(1), an dara fomhír, pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2021/2116, leanfaidh Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagal 5, Airteagal 7(3), Airteagail 9, 17, 21 agus 34, Airteagal 35(4), Airteagail 36, 37, 38, 40 go 43, 51, 52, 54, 56, 59, 63, 64, 67, 68, 70 go 75, 77, 91 go 97, 99 agus 100, Airteagal 102(2) agus Airteagail 110 agus 111 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), i ndáil le caiteachas arna thabhú ag na tairbhithe agus íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú chur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 64, an dara mír, pointe (a)(iv), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún, ([5]) leanfaidh Airteagal 2, Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, Airteagal 3(2), Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagail 5, 6, 7, Airteagail 21 go 25, Airteagail 27, 28 agus 29, Airteagal 30(1), pointí (a), (b) agus (c), Airteagal 30(2), (3) agus (4), agus Airteagail 31 go 40 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún ([6]), leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann le CETFT, i ndáil le caiteachas arna thabhú ag na tairbhithe agus le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú chur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1306/oj.
([3]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, , ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.
([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1305/oj).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/128/oj).
([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, rialacha maidir le seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 255, 28.8.2014, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/908/oj).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 64, an dara mír, pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128, leanfaidh Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 d'fheidhm a bheith acu chun críocha Airteagal 32, pointí (f) agus (g), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 40, an dara mír, pointe (a)(iv), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([7]), leanfaidh Airteagal 5, 5a, Airteagal 7(3) agus (4), Airteagal 10, Airteagal 11(1), an dara fo-mhír, Airteagal 11(2), Airteagal 12, Airteagal 13 agus Airteagal 41(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún ([8]) d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann le CETFT, i ndáil le caiteachas arna thabhú ag na tairbhithe agus le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú chur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí.

(5) De bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní mór don Choimisiún cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin a imréiteach, ar bhonn na gcuntas bliantúil arna gcur isteach ag an Ríocht Aontaithe, mar aon leis an bhfaisnéis is gá chun na cuntais a imréiteach agus tuairim iniúchóireachta maidir le sláine, cruinneas agus fírinne na gcuntas agus na dtuarascálacha arna mbunú ag na comhlachtaí deimhniúcháin.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 37(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí, tá na cuntais bhliantúla le cur faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), agus tá siad leis an gcaiteachas a bheidh déanta ag an ngníomhaireacht íocaíochta suas go dtí an dáta deiridh incháilitheachta a chumhdach, arbh é an 31 Nollaig 2023 an dáta sin i gcás na Ríochta Aontaithe.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 37(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, tar éis don Choimisiún an tuarascáil bhliantúil deiridh faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme cláir forbartha tuaithe a fháil, tá sé, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil agus ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm, le híoc as iarmhéid na gcuntas bliantúil i gcás bhliain forghníomhúcháin dheireanach an chláir ábhartha forbartha tuaithe agus an chinnidh chomhfhreagraigh maidir le himréiteach.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 37(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, chuir an Ríocht Aontaithe sraith iomlán cuntas faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

(9) Sheiceáil an Coimisiún an fhaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe faoina bhráid agus chuir sé torthaí na seiceálacha in iúl don Ríocht Aontaithe, in éineacht leis na leasuithe a mhol sé.

(10) Maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe, 'Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs' [An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe], 'The Scottish Government Rural Payments and Inspections Directorate' [Stiúrthóireacht Rialtas na hAlban um Íocaíochtaí agus Iniúchóireachtaí Tuaithe], 'Welsh Government' [Rialtas na Breataine Bige] agus 'Rural Payments Agency' [An Ghníomhaireacht um Íocaíochtaí Tuaithe], cuireann na cuntais le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí agus na doiciméid tionlacain ar a chumas don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le sláine, cruinneas agus fírinne na gcuntas arna gcur isteach.

(11) Le hAirteagal 36(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, déantar foráil go bhfuil íocaíochtaí eatramhacha le déanamh gan róchaiteachas a bheith i gceist le ranníocaíocht iomlán réamhshocraithe CETFT. De bhun Airteagal 23(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, i gcás ina bhfuil méid iomlán na ndearbhuithe caiteachais níos mó ná an ranníocaíocht iomlán réamhshocraithe le haghaidh birt, ní mór uasteorainn den mhéid réamhshocraithe a chur leis an méid atá le híoc i gcomhair an bhirt sin, gan dochar don uasteorainn dá bhforáiltear le hAirteagal 34(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Tá an méid uasteoranta le bheith faoi réir aisíocaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún níos déanaí tar éis an plean airgeadais leasaithe a ghlacadh nó ag deireadh na clárthréimhse ar a dhéanaí.

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 255, 28.8.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/907/oj).

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1303/oj).

(12) I gcomhréir le hAirteagal 75(1), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, tá feidhm, ón mbliain éilimh 2019 ar aghaidh, ag na rialacha maidir le sprioc-amanna íocaíochta le haghaidh bearta faoin bhforbairt tuaithe i gcomhthéacs an chórais riaracháin agus rialaithe chomhtháite. Leis na laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014, leantar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 40 agus 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus tá siad le cur san áireamh sa Chinneadh seo le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí. Féadfar scrúdú a dhéanamh ar na laghduithe sin, i gcás inarb iomchuí, faoi imeachtaí imréitigh comhréireachta de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

(13) De bhun Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, is í an Ríocht Aontaithe atá le híoc as 50 % de na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn ó neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí, mura ndéantar an aisghabháil laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta. Le hAirteagal 54(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ceanglaítear ar an Ríocht Aontaithe tábla a chur i gceangal leis na cuntais bhliantúla atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin aici, de bhun Airteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, ar tábla deimhnithe é lena léirítear na méideanna atá le híoc ag an Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Na rialacha maidir le cur i bhfeidhm oibleagáid na Ríochta Aontaithe chun na méideanna atá le haisghabháil a thuairisciú, leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 iad. Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, leagtar amach an tsamhail den tábla atá le húsáid ag an Ríocht Aontaithe chun faisnéis a sholáthar faoi na méideanna atá le haisghabháil. Ar bhonn na dtáblaí arna líonadh isteach ag an Ríocht Aontaithe, tá an Coimisiún le cinneadh a dhéanamh maidir leis na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn ó neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí is sine ná 4 nó 8 mbliana.

(14) De bhun Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ar chúiseanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Ríocht Aontaithe a chinneadh gan iarracht a dhéanamh aisghabháil a dhéanamh. Ní féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh ach amháin más mó na costais a tabhaíodh cheana in éineacht leis na costais is dócha a thabhófar, ná an méid atá le haisghabháil, nó má tá an aisghabháil dodhéanta mar gheall ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí nó na ndaoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an neamhrialtacht, ar dócmhainneacht í a cláraíodh agus a aithníodh faoin dlí náisiúnta. Má dhéantar an cinneadh laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta, ba cheart 100 % d'iarmhairtí airgeadais an neamh-aisghabhála a íoc as buiséad an Aontais. Na méideanna a chinn an Ríocht Aontaithe gan iarracht a dhéanamh a aisghabháil agus na forais lena cinneadh, ní mór iad a chuimsiú sna cuntais bhliantúla, de bhun Airteagal 29, pointe (e), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014. Dá bhrí sin, níor cheart na méideanna sin a ghearradh ar an Ríocht Aontaithe agus mar gheall air sin, tá siad le híoc as buiséad an Aontais.

(15) Ba cheart a chur san áireamh leis an gCinneadh seo freisin na méideanna atá fós le gearradh ar an Ríocht Aontaithe mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i ndáil leis an gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh CETFT.

(16) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do na cinntí a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh ina dhiaidh seo chun caiteachas nach ndéantar i gcomhréir le dlí an Aontais de bhun Airteagal 52 den Rialachán sin a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Imréitítear leis seo cuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe, 'Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs' [An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe], 'The Scottish Government Rural Payments and Inspections Directorate' [Stiúrthóireacht Rialtas na hAlban um Íocaíochtaí agus Iniúchóireachtaí Tuaithe], 'Welsh Government' [Rialtas na Breataine Bige] agus 'Rural Payments Agency' [An Ghníomhaireacht um Íocaíochtaí Tuaithe] a mhéid a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) i leith na bliana forghníomhúcháin deireanaí agus a bhaineann leis an gclárthréimhse 2014-2020.

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo na méideanna is in-aisghabhála ón Ríocht Aontaithe, nó na méideanna is iníoctha léi faoi gach clár forbartha tuaithe de bhun an Chinnidh seo.

Airteagal 2

Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo na méideanna atá le gearradh ar an Ríocht Aontaithe, mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a bhaineann leis an gclárthréimhse 2014-2020 agus leis an gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh CETFT.

Airteagal 3

Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo na laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 faoi gach clár forbartha tuaithe.

Airteagal 4

Leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo na hiarmhéideanna deiridh le haghaidh chláir forbartha tuaithe 2014-2020 arb ina leith imréitíodh cuntais bhliantúla ábhartha uile na ngníomhaireachtaí íocaíochta comhfhreagracha.

Airteagal 5

Tá an Cinneadh seo gan dochar do chinntí maidir le himréiteach comhréireachta a fhéadfaidh an Coimisiún a dhéanamh de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 chun caiteachas nach ndéantar i gcomhréir le dlí an Aontais a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas.

Airteagal 6

Is chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Caiteachas imréitithe CETFT arna dhéanamh leis an gclár Forbartha Tuaithe le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí, an 16 Deireadh Fómhair 2022 go 31 Nollaig 2023

An méid atá le haisghabháil ón Ríocht Aontaithe nó atá le híoc léi in aghaidh an chláir

Cláir fhormheasta ag a bhfuil caiteachas a dearbhaíodh le haghaidh CETFT 2014-2020

(In Euro)

CCI	Caiteachas 16 DF 2022 - 31 Nol 2023	Ceartúcháin (*)	Iomlán	Méideanna neamh-in-athúsáidte	Méid glactha imréitithe le haghaidh 16 DF 2022 - 31 Nol 2023	Íocaíochtaí eatramhacha arna n-aisíoc leis an Ríocht Aontaithe le haghaidh an 16 DF 2022 - an 31 Nol 2023 (**)	An méid atá le haisghabháil ón Ríocht Aontaithe (-) nó atá le híoc léi (+)	An t-iarmhéid atá le socrú tráth dúnta na clárthréimhse i ngeall ar an tairseach 95 % a sroicheadh (***)
	i	ii	iii = i + ii	iv	v = iii - iv	vi	vii = v - vi	
2014UK06RDRP001	121 830 155,77	– 3 734 783,73	118 095 372,04	0,00	118 095 372,04	125 353 576,36	– 7 258 204,32	126 819 864,44
2014UK06RDRP002	21 434 337,32	26 455,74	21 460 793,06	0,00	21 460 793,06	21 787 003,26	– 326 210,20	11 294 675,97
2014UK06RDRP003	26 660 633,95	– 6 531 408,70	20 129 225,25	0,00	20 129 225,25	27 893 955,35	– 7 764 730,10	26 731 708,08
2014UK06RDRP004	123 326 734,60	– 4 112 110,32	119 214 624,28	0,00	119 214 624,28	119 492 797,86	– 278 173,58	32 579 508,15

(*) Maidir le caiteachas a dhearbhaítear sna Dearbhuithe Bliantúla le haghaidh cláir áirithe, spreagtar leis sin róchaiteachas ar leibhéal an bhirt. Cuirfear caidhpeáil an róchaiteachais sin san áireamh tráth a íocfar an t-iarmhéid deiridh (Iarscríbhinn IV).

(**) Íocaíochtaí eatramhacha a aisíocadh leis an Ríocht Aontaithe le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí lena n-áirítear imréiteach réamh-mhaoiniúcháin, áirítear iontu méideanna diúltacha a dearbhaíodh sa bhliain airgeadais 16 Deireadh Fómhair 2022 go 31 Nollaig 2023. Cuireadh na méideanna diúltacha sin san áireamh agus an t-iarmhéid deiridh á ríomh (Iarscríbhinn IV).

(***) I gcás inar shroich íocaíochtaí 95 % de ranníocaíocht iomlán CETFT le haghaidh clár forbartha tuaithe — Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, cuireadh na méideanna san áireamh agus an t-iarmhéid deiridh á ríomh (Iarscríbhinn IV).

IARSCRÍBHINN II

Imréiteach chuntais na nGníomhaireachtaí Íocaíochta

Bliain forghníomhúcháin dheireanach, an 16 Deireadh Fómhair 2022 go 31 Nollaig 2023 - CETFT

Ceartúcháin i gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

Airgeadra	Ceartúcháin a bhaineann le Clárthréimhse 2014-2020		Ceartúcháin a bhaineann le Clárthréimhse 2007-2013	
	San Airgeadra náisiúnta	In Euro	San Airgeadra náisiúnta	In Euro
GBP	21 574,31	0,00	20 161,06	0,00

IARSCRÍBHINN III

Imréiteach chuntais na nGníomhaireachtaí Íocaíochta

Bliain forghníomhúcháin dheireanach, an 16 Deireadh Fómhair 2022 go 31 Nollaig 2023 - CETFT

Laghduithe mar gheall ar sprioc-amanna íocaíochta in aghaidh an chláir Forbartha Tuaithe le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí, an 16 Deireadh Fómhair 2022 go 31 Nollaig 2023, i gcomhréir le hAirteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

(In Euro)

CCI	Laghduithe as neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí le haghaidh 16 Deireadh Fómhair 2022 go 31 Nollaig 2023
2014UK06RDRP001	14 940,64
2014UK06RDRP002	35 957,09
2014UK06RDRP003	32 648,44
2014UK06RDRP004	0,00

IARSCRÍBHINN IV

Imréiteach chuntais na nGníomhaireachtaí Íocaíochta

Bliain forghníomhúcháin dheireanach, an 16 Deireadh Fómhair 2022 go 31 Nollaig 2023 - CETFT

Na hiarmhéideanna deiridh le haghaidh chláir forbartha tuaithe 2014-2020 na Ríochta Aontaithe ar imréitíodh na cuntais bhliantúla ábhartha uile ina leith

Gníomhaireacht Íocaíochta	Clár	Iarmhéid Deiridh in EUR
GB05	2014UK06RDRP002	10 999 215,10
GB06	2014UK06RDRP003	41 031 496,18
GB07	2014UK06RDRP004	32 579 508,15
GB09	2014UK06RDRP001	169 325 140,00